Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis an gComhairle Trádála agus Teicneolaíochta nua AE-SAM faoi lán seoil: tosaíochtaí maidir le gnólachtaí, oibrithe, tomhaltóirí agus na coimircí a bhfuil gá leo

(tuairim féintionscnaimh)

(2022/C 443/05)

Rapóirtéir: **Timo VUORI**

Comhrapóirtéir: **Tanja BUZEK**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	21.10.2021
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	Caidreamh Seachtrach
Dáta a glactha sa rannóg	09.6.2022
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	14.7.2022
Seisiún iomlánach Uimh.	571
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	173/0/4

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. **Clár oibre dearfach trasatlantach a thógáil.** Is féidir leis an gComhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe (TTC) a bheith mar chuid lárnach de chlár oibre chun borradh a chur faoin gcomhpháirtíocht le bealaí iontaofa comhair. In ainneoin ár ngeilleagar trasatlantach, arb iad is cúis le tuairim is leath de OTI an domhain agus cuid mhór de shreabhadh trádála agus infheistíochta an domhain, bíonn bacainní trádála, infheistíochta, oibre, taistil agus staidéir fós roimh an gcaidreamh atá againn ar dhá thaobh an Atlantaigh.

1.2. **Ar thús cadhnaíochta i dtaca lenár luachanna agus ár dtrádáil riailbhunaithe a chosaint**. In aimsir an tsuaite gheopholaitiúil, tá freagracht mhór ar na geilleagair is mó ar domhan, ar an Aontas Eorpach agus ar na Stáit Aontaithe, in éineacht le comhpháirtithe eile atá ar aon intinn leo, creat comhair nua-aimseartha a chur ar aghaidh don trádáil agus don teicneolaíocht, lena dtacófar le geilleagar oscailte inbhuanaithe agus saorthrádáil chóir agus lena n-urramófar luachanna daonlathacha, obair chuibhiúil agus cearta an duine.

1.3. **An gá atá le freagairt do shuaitheadh sa mhargadh.** Tar éis an iliomad géarchéimeanna leanúnacha a bheith ann, ní mór do na comhpháirtithe trasatlantacha bealaí a aimsiú go tapa chun athléimneacht ár sochaithe daonlathacha oscailte a neartú, lena n-áirítear trí shlabhraí domhanda luacha agus soláthair agus slándáil fuinnimh a áirithiú, go háirithe i bhfianaise an ghéarghá atá le dul ar iontaoibh foinsí malartacha in ionad sholáthairtí fuinnimh agus amhábhar na Rúise. Ina theannta sin, ní mór don Aontas agus do na Stáit Aontaithe iarracht níos mó a dhéanamh chun an t-iltaobhachas a neartú agus chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide, chun a áirithiú nach mbainfear an bonn den tsaorthrádáil chóir agus chun aghaidh a thabhairt ar na stáit fhorlámhacha arb iad is cúis le míshocracht sa mhargadh.

1.4. **Muinín a chothú bunaithe ar chomhar frithpháirteach cobhsaí.** Ní mór don dá pháirtí páirt a ghlacadh i struchtúr idirphlé buan a thógáil don Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta, d'fhonn torthaí nithiúla a bhaint amach sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma, amach ó thimthriallta polaitiúla toghchán agus athruithe riaracháin. Ina theannta sin, faoin gComhairle Trádála agus Teicneolaíochta, ní mór don Aontas agus do na Stáit Aontaithe díriú ar chur chuige níos straitéisí agus níos cothrománaí maidir le saincheisteanna trádála agus teicneolaíochta. Ba cheart don deich Meitheal faoin gComhairle Trádála agus Teicneolaíochta iarracht a dhéanamh cur chuige iomlánaíoch a chomhordaítear go héifeachtach a bhaint amach maidir leis an gcomhar agus cineálacha cur chuige oibre neamh-chomhtháite nach bhfuil gá leo a sheachaint.

1.5. **Rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí a neartú.** Chun nach dteipfidh ar chaibidlíocht uaillmhianach trádála mar a tharla roimhe seo, is é trédhearcacht agus rannpháirtíocht láidir na bpáirtithe leasmhara ar dhá thaobh an Atlantaigh an t-aon bhealach amháin chun go mbainfidh an Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta a spriocanna amach. Dá bhrí sin, glacfaidh Coiste Eacanamíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) páirt ghníomhach laistigh de struchtúir na Comhairle Trádála

agus Teicneolaíochta agus déanfaidh sé iarracht a bheith rannpháirteach mar gheallsealbhóir uathúil de chuid na sochaí sibhialta i gcruinnithe aireachta na Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta. Sa chomhthéacs sin, tá sé á chur in iúl arís ag CESE gur oth leis nach ndearnadh an Sainghrúpa um Chomhaontuithe Trádála a athnuachan agus nár cuireadh aon struchtúr buan inchomparáide i bhfeidhm maidir le comhairliúchán le geallsealbhóirí.

1.6. **Idirphlé Sonrach Trasatlantach maidir le Saothar.** Tá tacaíocht léirithe ag CESE san am a chuaigh thart don Idirphlé Trasatlantach do Ghnólachtaí agus do Thomhaltóirí agus dá bhrí sin is díol sásaimh dó an fógra aireachta i bPáras le déanaí maidir le hIdirphlé Tripháirteach Trádála agus Saothair a bhunú, lena gcruthófaí cainéal foirmiúil do chomhpháirtithe sóisialta ar dhá thaobh an Atlantaigh chun bonn eolais a chur faoin bpróiseas TTC agus chun caidreamh trádála agus infheistíochta trasatlantach a mhúnlú. Sa chomhthéacs sin, tá CESE ag tathant ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar an éagothroime i ndaonlathas an tsaothair mar gheall ar neamhdhaingniú sé Choinbhinsiún bhunúsacha de chuid EIS agus an tionchar atá aige ar chothroime iomaíochta sa trádáil.

2. Barúlacha ginearálta — méadú ar an ngá atá le comhpháirtíocht níos dlúithe idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe

2.1. **CESE agus an t-idirphlé trasatlantach**: le blianta beaga anuas, tá faireachán á dhéanamh ag CESE ar shaincheisteanna polaitiúla agus trádála trasatlantacha agus tá tuairimí na sochaí sibhialta eagraithe san Aontas curtha in iúl aige. Ina theannta sin, bíonn idirphlé rialta ag CESE le hinstitiúidí an Aontais agus le riarachán SAM agus, go háirithe, leis an tsochaí shibhialta ar thaobh eile an Atlantaigh. Le seoladh TTC nua, ina mbeidh deich Meitheal agus éisteachtaí rialta, éilítear ar CESE a sheasamh maidir le tosaíochtaí TTC a thabhairt cothrom le dáta.

2.2. **Freagracht na ngeilleagar is mó ar domhan**: tá sé á chur i dtábhacht ag CESE go bhfuil an caidreamh déthaobhach trádála agus infheistíochta is mó ag an Aontas Eorpach agus ag na Stáit Aontaithe agus go bhfuil an caidreamh eacnamaíoch is comhtháite ar domhan acu. Cé gurb í an tSín an fhoinse allmhairithe is mó san Aontas Eorpach in 2021, is iad na Stáit Aontaithe an comhpháirtí trádála agus infheistíochta is mó gan amhras atá ag an Aontas Eorpach go dtí seo. Sa chóras iltaobhach trádála atá faoi bhrú mar gheall ar ghéarchéimeanna na hEagraíochta Domhanda Trádála, dhá bhliain de phaindéim COVID-19 atá fós ag dul ar aghaidh agus anois an cogadh san Úcráin, is leis an gcaidreamh trasatlantach a shainítear an geilleagar domhanda. Is é an tAontas Eorpach nó na Stáit Aontaithe an comhpháirtí trádála agus infheistíochta is mó i mbeagnach gach tír eile sa gheilleagar domhanda. Ní sprioc ann féin í an chomhpháirtíocht thrasatlantach ach ní mór di na luachanna coiteanna, na leasanna coiteanna agus na comhfhreagrachtaí a fhorbairt. Ba cheart don Aontas agus do na Stáit Aontaithe a bheith ina n-ancaire don daonlathas, don tsíocháin agus don tslándáil ar fud an domhain, don smacht reachta agus do chearta an duine do chách ([1]).

2.3. **Dlús a chur le comhpháirtíocht straitéiseach níos dlúithe idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe**: tá CESE ag tabhairt dá aire, mar gheall ar an iliomad géarchéimeanna domhanda atá ar siúl faoi láthair nach rabhthas ag súil leo, go bhfuil sé ríthábhachtach go ndéanfaidh na geilleagair is mó ar domhan — an tAontas agus na Stáit Aontaithe mar aon le stáit dhaonlathacha eile atá ar aon intinn leo a bhfuil geilleagair mhargaidh acu atá oscailte agus riailbhunaithe — a gcomhar polaitiúil agus eacnamaíoch a dhoimhniú chun ár luachanna uilíocha a chosaint agus rathúnas, daonlathas agus an smacht reachta, slándáil agus cearta an duine a neartú. As na dúshláin sin ar fad, is í an tsíocháin a tháinig chun cinn mar phríomhthosaíocht agus an beartas idirnáisiúnta á stiúradh. San am céanna, níor cheart dúinn glacadh a thuilleadh le haon ghníomhaíochtaí stáit in aghaidh an oird idirnáisiúnta, ná leosan a leanann iompar faille sa trádáil idirnáisiúnta.

2.4. **Príomhról na trádála agus na teicneolaíochta sa gheopholaitíocht**: tá CESE ag athdhearbhú nach mbaineann an trádáil agus an teicneolaíocht le saincheisteanna rialála amháin ach le huirlisí riachtanacha chun na luachanna uilíocha sin a chosaint agus a chur chun cinn ar fud an domhain. Ní mór don Aontas agus do na Stáit Aontaithe an comhar eatarthu a dhoimhniú agus torthaí nithiúla a bhaint amach ar an leibhéal iltaobhach agus déthaobhach. Tugann TTC deis uathúil chun comhar straitéiseach ardleibhéil a bhunú maidir le trádáil agus teicneolaíocht, rud a sháraíonn na socruithe comhair *ad hoc* atá ann faoi láthair agus a théann níos faide ná toghcháin AE agus SAM agus athruithe institiúideacha ar riaracháin.

2.5. **Ardán don idirphlé agus don chomhar**: ní athsheoladh ar an gComhpháirtíocht Thrasatlantach Trádála agus Infheistíochta (TTIP) é, agus níor cheart breathnú air mar sin. Mar sin féin, is féidir ceachtanna úsáideacha a bhaint as an gcaibidlíocht sin nár éirigh léi. Níor cheart amhras a chaitheamh ar institiúidí ná ar phróisis chinnteoireachta an Aontais mar gheall ar chuspóirí agus nósanna imeachta TTC, agus san am céanna, ní mór rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí a fheabhsú. Níor cheart amhras a chaitheamh ach oiread ar chaighdeáin an Aontais lena léirítear ár luachanna: baineann an méid sin go háirithe le prionsabal an réamhchúraim atá i gcroílár chur chuige an Aontais maidir le caighdeáin a leagan síos. Tá CESE ag teacht leis an tuairim go bhfuil comhar maidir le caighdeáin nasctha freisin le creataí dlíthiúla éagsúla agus go n-éilíonn sé grinnanailísí ar shaincheisteanna teicniúla, chomh maith le measúnú ar thionchair eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil, ar cheart iad ar fad a dhéanamh cás ar chás. Mar shampla, léiríonn an creat-chomhaontú nua maidir le sreafaí sonraí i bprionsabal gur féidir leis an Aontas Eorpach agus le Stáit Aontaithe Mheiriceá oibriú chun comhthoil a bhaint amach maidir le saincheisteanna íogaire.

([1]) IO C 152, 6.4.2022, lch. 56.

2.6. **Tacaíocht láidir do gheallsealbhóirí**: tá CESE ag tabhairt dá aire go bhfuil tacaíocht ghinearálta curtha in iúl cheana féin ag geallsealbhóirí gnó agus geallsealbhóirí eile na sochaí sibhialta, san Aontas agus sna Stáit Aontaithe, don TTC agus do na hábhair a sainaithníodh sna deich meitheal. Is cosúil go bhfeiceann comhpháirtithe trasatlantacha an breisluach a bhaineann le comhpháirtíocht thrasatlantach straitéiseach agus comhar rialála níos dlúithe. Tá bacainní gan údar fós ar thrádáil, ar infheistíocht agus ar obair. Ina theannta sin, d'fhéadfadh na comhpháirtithe trasatlantacha a n-iomaíochas domhanda a neartú le chéile, iomaíochas atá fite fuaite le spriocanna na forbartha inbhuanaithe, an cheartais shóisialta, an mheasa ar chearta an duine, ardchaighdeáin saothair agus ardchaighdeáin chomhshaoil. Mar sin féin, chun torthaí a bhaint amach, ní mór don dá thaobh a bheith ar an eolas faoi chuspóirí, cur chuige agus modhanna a chéile d'fhonn comhchreat nua trádála a fhorbairt.

2.7. **Rannpháirtíocht fheabhsaithe le geallsealbhóirí tar éis nár éirigh leis an idirphlé idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe maidir leis an tsochaí shibhialta**: tá sé á chur i bhfios go láidir ag CESE gur gné ríthábhachtach den chomhthéacs trasatlantach é an t-idirphlé neartaithe leis an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear sa TTC. Tá tábhacht ar leith ina leith sin leis an ngá atá le hidirphlé comhpháirteach faoi chearta na saoránach, athléimneacht i gcoinne na bréagaisnéise, saoirse na meán, gníomhú ar son na haeráide, cearta sóisialta agus cosaint tomhaltóirí, mar aon leis an tacaíocht don daonlathas ([2]). Is féidir leis an gcomhpháirtíocht thrasatlantach dul céim níos faide i dtreo comhtháthú trasatlantach níos dlúithe fós a bhaint amach inár ngeilleagair, lena n-áirítear comhchreat don trádáil, don teicneolaíocht agus don infheistíocht.

3. **Barúlacha sonracha – príomhthosaíochtaí do ghnólachtaí, d'oibrithe agus do thomhaltóirí**

3.1. Dar le CESE, léiríonn TTC a idirnasctha atá an dá gheilleagar is mó ar domhan, chomh maith le bheith ina fhóram uathúil chun comhar níos fearr a fhorbairt maidir le beartas trádála agus saincheisteanna rialála margaidh ar fud an Atlantaigh. Dá bhrí sin, creideann CESE gur cheart don TTC díriú ar phríomhthosaíochtaí áirithe ó thaobh gnó, oibrithe agus tomhaltóirí de.

3.2. **Trádáil iltaobhach nua-aimseartha atá riailbhunaithe**: ní mór don Aontas agus do na Stáit Aontaithe freagracht agus ceannaireacht chomhpháirteach a léiriú san Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) agus ní mór dóibh tacú le samhail éifeachtach iltaobhach, ina mbeidh beartas trádála forchéimnitheach lena gcuirfear gnéithe comhshaoil agus sóisialta san áireamh ([3]). Tá dúshláin roimh an Aontas agus SAM araon ó chleachtais a shaobhann an margadh ag geilleagair neamh-mhargaidh, lena n-áirítear gníomhaíocht éagórach agus idirdhealaitheach a bhaineann le fiontair atá faoi úinéireacht stáit, fóirdheontais stáit, tobhaigh agus cánacha.

3.3. **Athchóiriú na hEagraíochta Domhanda Trádála a threorú**: ba cheart don TTC díriú ar bhealaí chun feabhas a chur ar chóras iltaobhach trádála EDT agus ar an Sásra um Réiteach Díospóidí, ós rud é go bhfuil ról lárnach aici maitrís iltaobhach éifeachtach a chur ar bun le haghaidh clár oibre forásach trádála ina dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna comhshaoil agus sóisialta. Ní mór don Aontas agus do na Stáit Aontaithe a bheith i gceannas ar athchóiriú uaillmhianach EDT agus clár oibre nua-aimseartha EDT a chur chun cinn lena gcuirfear deireadh le geasa (i.e. gnéithe sóisialta den trádáil) agus lena dtabharfar aghaidh ar na dúshláin inbhuanaitheachta atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. Chuige sin, iarrann CESE ar an Aontas agus ar na Stáit Aontaithe socruithe comhar straitéiseach a bhunú leis na príomh-chomhpháirtithe trádála maidir le saincheisteanna iltaobhacha tosaíochta ([4]).

3.4. **Obair chuibhiúil sa trádáil idirnáisiúnta** ([5]): tá CESE ag áitiú ar an Aontas agus ar na Stáit Aontaithe comhar níos dlúithe a chur chun cinn idir an Eagraíocht Dhomhanda Trádála agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS) d'fhonn obair chuibhiúil agus caighdeáin saothair a chur chun cinn trí ionstraimí trádála. Ba cheart do na toghcháin is déanaí d'ardstiúrthóirí nua sa dá eagraíocht cabhrú chun spreagadh nua a thabhairt sa réimse sin. Ba cheart comhlíonadh na gcaighdeán idirnáisiúnta saothair, mar a leagann EIS síos iad agus mar a ndéanann EIS faireachán orthu, a bheith mar chuid den díospóireacht faoi stiúir an Aontais agus na Stát Aontaithe maidir le hathchóiriú na hEagraíochta Domhanda Trádála. Ós sampla dearfach agus deis é chun an t-athmhachnamh uaillmhianach sin a neartú, cuireann CESE in iúl gur díol sásaimh

([2]) IO C 152, 6.4.2022, lch. 56.
([3]) IO C 152, 6.4.2022, lch. 56.
([4]) IO C 374, 16.9.2021, lch. 73.
([5]) Chuir CESE moltaí nithiúla ar fáil in IO C 429, 11.12.2020, lch. 197; obair leanúnach in SOC/727: Obair chuibhiúil ar fud an domhain, an rapóirtéir Maria del Carmen Barrera Chamorro, a glacadh i mí Mheán Fómhair 2022.

dó an togra a rinne SAM maidir le haghaidh a thabhairt ar fhadhb dhomhanda an tsaothair éignithe ar shoithí iascaireachta, ar togra é a rinneadh i gcomhthéacs na gcaibidlíochtaí atá ar siúl faoi láthair i ndáil le fóirdheontais iascaigh EDT ([6]). Ba cheart do chomhpháirtithe trasatlantacha úsáid bhreise a bhaint as an gcomhar atá eatarthu chun oibriú i dtreo bunús dlí níos láidre chun cearta saothair bunúsacha EIS a chuimsiú san Eagraíocht Dhomhanda Trádála ([7]). Ba cheart cur chuige comparáideach maidir le caibidlí a bhaineann le trádáil agus forbairt inbhuanaithe (TSD) agus a n-infhorfheidhmitheacht éifeachtach i gComhaontuithe Saorthrádála (CSTanna) a áireamh ar shaincheisteanna comhleasa déthaobhacha saothair ([8]). Le fada an lá, d'iarr CESE go gcuirfí cur chuige forfheidhmithe athchóirithe smachtbhannaí i bhfeidhm maidir le caibidlí TSD agus ba dhíol sásaimh dó ionstraimí forfheidhmithe nuálacha sa Chomhaontú idir Ceanada, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo (USMCA) ([9]).

3.5. **Ag obair le chéile i bhfóraim idirnáisiúnta**: d'fhéadfadh TTC fóram a chur ar fáil chun comhar athneartaithe i gcúrsaí saothair agus fostaíochta a ullmhú i bhfóraim idirnáisiúnta, go háirithe ag EIS agus ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE). Ba cheart dícheall cuí a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú mar chuid den chomhar treisithe sin. Ba cheart do TTC fothú acmhainneachta comhpháirteach a spreagadh, go háirithe chun sábháilteacht agus sláinte ceirde (OSH) a chur chun cinn ar fud an domhain, agus ba cheart dó comhthionscadail a fhorbairt, mar shampla maidir le cigireacht saothair a chur ar fáil i dtríú tíortha. Dá ndéanfaí Coinbhinsiúin maidir le sláinte agus sábháilteacht ceirde a chur san áireamh i mbunchaighdeáin oibre na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair mar atá beartaithe, chuirfí limistéar torthúil ar fáil don chomhar. Is ábhar mór imní é saothar éignithe agus ba cheart cur chuige an Aontais agus SAM, go háirithe maidir le hallmhairiú earraí a tháirgtear trí chleachtais den sórt sin sa tSín, a chomhordú. Ba cheart scaipeadh cineálacha nua fostaíochta ar fud an domhain, go háirithe obair ardáin, arna stiúradh ag na Stáit Aontaithe agus ag cuideachtaí an Aontais, a phlé sna Meithleacha TTC ábhartha, lena n-áirítear ionchur ó thaobh an tsaothair de.

3.6. **Athléimneacht agus inbhuanaitheacht sna slabhraí soláthair domhanda**: ba cheart don TTC straitéisí a fhorbairt chun athléimneacht níos fearr a bhaint amach trí inbhuanaitheacht na slabhraí soláthair domhanda a áirithiú agus trína áirithiú gur féidir leo feidhmiú mar is ceart. Ba cheart don Aontas agus do na Stáit Aontaithe leochaileachtaí coiteanna a shainaithint agus oibriú le chéile, mar shampla, i dtaca le hinfhaighteacht amhábhar criticiúil agus táirgí amhail leathsheoltóirí. Ba cheart do chomhpháirtithe trasatlantacha aird a tharraingt láithreach bonn ar chur chuige caighdeánaithe maidir le slándáil an tsoláthair fuinnimh atá go hiomlán i gcomhréir le clár oibre uaillmhianach inbhuanaitheachta amhail an Comhaontú Glas don Eoraip. Thairis sin, ba cheart dóibh machnamh a dhéanamh ar ghníomhaíocht chomhpháirteach chun feabhas a chur ar an gcumas táirgthe, ar na hinfheistíochtaí agus ar an lóistíocht ábhartha. Ba cheart do TTC oibriú i dtreo díchill chuí éigeantaigh chomhchoiteann i slabhraí soláthair, bunaithe ar an dea-chleachtas, chun samhail a bhunú do cheanglais inbhuanaitheachta domhanda i slabhraí luacha.

3.7. **Tacú leis an ngeilleagar glas**: ba cheart do TTC díriú ar an gcomhar maidir le teicneolaíochtaí glasa agus aeráide agus beartais aistrithe córa. Ba cheart don Aontas agus do na Stáit Aontaithe creat idirnáisiúnta agus caighdeáin idirnáisiúnta a chur chun cinn maidir le maolú ar an athrú aeráide, geilleagar ciorclach, maoiniú inbhuanaithe, teicneolaíocht coigilte fuinnimh, caighdeáin ghlasa agus shóisialta sa soláthar poiblí, éicilipéadú agus tuairisciú inbhuanaitheachta. Thairis sin, ba cheart do chomhpháirtithe trasatlantacha obair a dhéanamh ar mhaithe le creat iltaobhach maidir le léirscaoileadh trádála earraí comhshaoil a bhaint amach faoi thionscnaimh reatha, eadhon an Comhaontú maidir le hEarraí Comhshaoil, an Plé Struchtúrtha maidir le hinbhuanaitheacht trádála agus comhshaoil agus an tIdirphlé Neamhfhoirmiúil maidir le Truailliú Plaisteach. Ba cheart do TTC díriú ar Shásraí Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha atá éifeachtach agus comhordaithe d'fhonn samhail a bhunú do chreat domhanda agus chun coinbhleachtaí trádála idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe a sheachaint.

3.8. **An digiteáil agus geilleagair nua**: ba cheart do TTC díriú ar chomhar maidir le caighdeáin teicneolaíochta, taighde agus beartais i réimse na hintleachta saorga, Idirlíon na Rudaí Nithiúla, 6G, agus teicneolaíochtaí ceallraí, teicneolaíochtaí candamacha agus teicneolaíochtaí blocshlabhra. Ba cheart nuálaíocht agus caighdeánú a chothú leis an gcreat, ach ní mór bunbhreithnithe beartais ríthábhachtacha a bheith ann. Is minic a bhíonn gné oibre ag baint le réimsí nua teicneolaíochta amhail an intleacht shaorga a éilíonn straitéisí láidre um intleacht shaorga agus um shonraí, lena bhforáiltear ar dtús do chreat dlíthiúil agus cumhachtaithe Eorpach bunaithe ar chearta an duine, agus, dá bhrí sin, lena n-áirítear rialacha eiticiúla, cearta saothair agus ceardchumainn. Cé nach féidir na rialacha ceannann céanna a bheith ann ar an dá thaobh, ba cheart

([6]) IO C 374, 16.9.2021, lch. 73

([7]) Bealaí féideartha chun cinn a d'fhéadfadh bheith i gceist le ráiteas léirmhínitheach faoi Airteagal IX:2 de Chomhaontú EDT a mheas, léirmhíniú a dhearbhú ar an eisceacht maidir le moráltacht phoiblí (Airteagal XX de GATT 1994 agus Airteagal XIV de GATS), cearta bunúsacha saothair na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) a chur san áireamh agus an ról a d'fhéadfadh a bheith ag cinntí EIS a leagan amach in aon imeachtaí dlíthiúla maidir leis an tsaincheist.

([8]) Dea-shampla ar féidir cur leis is ea *Comparative Analysis of Trade and Sustainable Development Provisions in Free Trade Agreements*, LSE, Feabhra 2022, arna choimisiúnú ag an Aontas Eorpach, go háirithe maidir le Sásra Mearfhreagartha an Chomhaontaithe idir Ceanada, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo (USMCA), https://www.lse.ac.uk/business/consulting/assets/documents/TSD-Final-Report-Feb-2022.pdf

([9]) IO C 105, 4.3.2022, lch. 40

idir-inoibritheacht creataí a bheith mar sprioc. Ina theannta sin, is gá comhcheanglais rialála a shoiléiriú maidir le teicneolaíochtaí aeráidneodracha, leis an mbiteicneolaíocht agus leis an teicneolaíocht sláinte. Ba cheart don Aontas agus do na Stáit Aontaithe prionsabail atá bunaithe ar luach a chur chun cinn do chaighdeáin idirnáisiúnta d'fhonn ceannaireacht dhomhanda a choinneáil sna geilleagair nua sin. Ba cheart do TTC athléimneacht ár sochaithe daonlathacha a neartú freisin, d'fhonn feachtais bhréagaisnéise spriocdhírithe atá treoraithe ag an intleacht shaorga a chosc, agus feabhas a chur ar shlándáil na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) chun dul i ngleic le cibearionsaithe a fhaigheann tacaíocht ón Stát.

3.9. **Sonraí agus príobháideachas**: ba cheart do TTC díriú ar chomhar chun a áirithiú, mar thoradh ar theicneolaíocht digiteach agus sonraí a roinnt idir na Stáit Aontaithe agus an tAontas amach anseo, go mbeidh éiceachóras oscailte idirnáisiúnta ann le haghaidh taighde, forbartha agus nuálaíochta de chuid na teicneolaíochta is forbartha chun freastal ar chustaiméirí agus ar shaoránaigh ar fud an domhain agus go gcosnófar a gceart bunúsach chun príobháideachta sonraí agus go gcaomhnófar an spás beartais do rochtain agus rialú ar shonraí poiblí agus an cumas atá acu cuideachtaí ilnáisiúnta digiteacha a rialú san am céanna. Ina theannta sin, ba cheart don Aontas agus do na Stáit Aontaithe creat nua d'aistrithe sonraí a chur i gcrích gan mhoill, agus aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna ba chúis le neamhbhailíochtú na Scéithe Príobháideachais, agus comhluachanna príobháideachais agus slándála a chaomhnú.

3.10. **Rialuithe onnmhairiúcháin**: ba cheart do TTC obair a dhéanamh ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus ar bhunteicneolaíochtaí lena n-áiritheofaí an ról lárnach atá ag córais iltaobhacha rialaithe onnmhairí toisc go bhfuil siad an-ábhartha don Aontas agus do na Stáit Aontaithe araon chun daonlathas, cearta an duine agus sochaí oscailte le geilleagar margaidh a chur chun cinn. Mar shampla, éilíonn smachtbhannaí éifeachtacha trádála rialú éifeachtach onnmhairiúcháin i gcoinne stáit a bhfuil mí-úsáid á baint acu as trádáil agus teicneolaíocht agus a bhaineann an bonn den tsíocháin, den tslándáil agus de chearta an duine. Ba cheart don Aontas agus do na Stáit Aontaithe oibriú le chéile chun comhghuaillíochtaí a fhorbairt le comhpháirtithe atá ar aon intinn leo chun dul i ngleic le dúshláin agus chun cothrom na Féinne a áirithiú.

3.11. **Caighdeánú**: ba cheart do TTC díriú ar chomhar idir na comhlachtaí um chaighdeánú, chomh maith leis na prionsabail theoranta maidir le glacadh frithpháirteach. Tá córais caighdeánaithe an Aontais agus na Stát Aontaithe difriúil óna chéile. Go háirithe, níl an prionsabal "táirge amháin agus caighdeán amháin a nglactar i ngach áit", ar colún de mhargadh aonair an Aontais é, le fáil sna Stáit Aontaithe. San Eoraip, nuair a ghlactar caighdeán nua, déantar caighdeáin náisiúnta atá ag teacht salach ar an gcaighdeán nua sin a tharraingt siar. Sna Stáit Aontaithe, glactar le caighdeáin éagsúla ar an margadh, rud a fhágann go bhfuil sé deacair ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) a thuiscint cén ceann is fearr a d'oirfeadh dá línte táirgí. Is minic gur cuideachtaí beaga iad sin nach bhfuil mórán d'acmhainní acu ach a bhfuil ardleibhéal speisialtóireachta acu i margadh nideoige atá mar bhonn lena n-iomaíochas.

3.12. **FBManna**: d'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag an gcomhar rialála faoi TTC maidir le trádáil agus infheistíocht a éascú, chomh maith le feabhas a chur ar iomaíochas gnólachtaí beaga go háirithe. Bíonn FBManna, go háirithe, ag súil go gcuirfear deiseanna nua ar fáil, ós rud é nach bhfuil na hacmhainní acu le dul i ngleic le timpeallachtaí rialála éagsúla ar dhá thaobh an Atlantaigh, murab ionann agus gnólachtaí móra. San am céanna, ba mhó an deis a bheadh ag fiontair mhóra tairbhe a bhaint as barainneachtaí scála idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe dá mbeadh na córais rialála níos comhoiriúnaí ([10]).

3.13. **Bia agus talmhaíocht**: dar le CESE, tá sé tábhachtach, le cois obair na Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta, go bhfuil an t-ardán nua um chomhar trasatlantach maidir le talmhaíocht curtha ar bun ag an Aontas agus na Stáit Aontaithe, ar ardán é atá ceaptha chun dul i ngleic leis na dúshláin dhomhanda a bhaineann leis an inbhuanaitheacht, leis an athrú aeráide agus leis an tslándáil bia. Tá comhar idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus chun inbhuanaitheacht a chothú ríthábhachtach chun an todhchaí dhian dheacair atá i ndán dúinn mar shochaí dhomhanda a mhaolú. Cuireadh leis an dúshlán sin leis an gcogadh san Úcráin agus leis an tionchar láithreach a bhí aige sin ar an soláthar bia domhanda. Tá an t-athrú aeráide ag cur isteach cheana féin ar shlite beatha feirmeoirí ar bhealaí doimhne, idir luaineacht na haimsire foircní agus triomaigh thromchúiseacha, idir thuilte agus fhalscaithe, agus teagmhais thurraingeacha eile a chuireann ár mbailte, ár gcathracha agus ár bpobail i mbaol. Ní mór don Aontas agus do na Stáit Aontaithe aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin.

3.14. **Tomhaltóirí**: mar chuid d'obair TTC, tá sé tábhachtach coimircí a chur i bhfeidhm lena áirithiú nach n-úsáidfear próiseas an chomhair rialála chun an bonn a bhaint de chaighdeáin shóisialta, saothair, tomhaltóirí agus chomhshaoil. Ina áit sin, ba cheart é a bheith d'aidhm aige na caighdeáin sin a chomhchuibhiú agus feabhas a chur orthu. Má chomhlíontar na coinníollacha sin, ní hé amháin go mbeidh tairbhí eacnamaíocha i gceist ach d'fhéadfaí cúram na rialtóirí a éascú freisin trí chuspóirí beartais phoiblí a bhaint amach. Thairis sin, is féidir comhar trasatlantach a fhorbairt trí anailís a roinnt, trí

([10]) IO C 487, 28.12.2016, lch. 30.

chórais luathrabhaidh i gcoinne táirgí agus seirbhísí contúirteacha ó thríú tíortha a roinnt agus trí idirphlé maidir le forfheidhmiú feabhsaithe dlíthe. D'fhonn imeacht ón gcóineasú éigeantach, a shaothraigh TTIP go foirmiúil, ní mór don Aontas agus do na Stáit Aontaithe an clár oibre nua um chomhar deonach sin a chur ina cheart chun cabhrú lena saoránaigh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin nua a bhaineann leis an ré dúshlánach seo.

4. **Aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní agus ar na coimircí is gá**

4.1. Is é TTC is fearr a léiríonn gur féidir leis an Aontas agus na Stáit Aontaithe céimeanna nithiúla a ghlacadh i dtreo fíorchomhar trádála agus teicneolaíochta agus go bhfuil a gcaidreamh bunaithe ar chomhpháirtíocht fhóinteach. Mar sin féin, tá saincheisteanna ríthábhachtacha áirithe nach mór do TTC dul i ngleic leo chun go mbeidh rath air:

— tiomantas straitéiseach láidir ó cheannaireacht an Aontais agus na Stát Aontaithe araon,

— comhfhís shoiléir do chuspóirí agus do phróisis TTC,

— an gá atá le breisluach a chruthú tríd an gcomhar, trí thorthaí dearfacha nithiúla a bhaint amach,

— an gá atá le roinnt iarrachtaí a dhéanamh chun cur chuige comhpháirteach a fhorbairt i leith caighdeáin chomhpháirteacha,

— an gá atá le próiseas soiléir a bhunú maidir le saincheisteanna teicniúla mionsonraithe a réiteach,

— sásraí éifeachtacha for-rochtana maidir leis an gcinnteoireacht pholaitiúil a fhorbairt san Aontas agus sna Stáit Aontaithe araon,

— próiseas rannpháirtíochta gníomhaí agus struchtúrtha a chur ar bun le geallsealbhóirí gnó, ceardchumainn agus geallsealbhóirí eile na sochaí sibhialta,

— comhordú, comhsheasmhacht agus cur chuige iomlánaíoch a fhorbairt i leith an phróisis oibre ina iomláine; ag cur le ceachtanna a foghlaimíodh ó chaibidlíocht TTIP agus ó ghníomhaíochtaí déthaobhacha roimhe seo maidir le próiseas, trédhearcacht agus for-rochtain phoiblí,

— freagracht ar an tsochaí shibhialta ar thaobh eile an Atlantaigh a bheith ag gabháil leis an bpróiseas sin ar bhealach feasach.

4.2. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí do CESE ardleibhéal leasanna poiblí an Aontais sa chomhar trasatlantach rialála a chosaint. Athdhearbhaíonn sé go láidir gur bunriachtanas é na hardchaighdeáin atá ann cheana a chosaint. Chomh maith le deiseanna trádála a fheabhsú, ba cheart don chomhar rialála sábháilteacht, sláinte agus dea-bhail eacnamaíoch agus sóisialta na saoránach ar dhá thaobh an Atlantaigh a fheabhsú freisin. Tá CESE ag iarraidh gealltanais breise nach n-athrófar reachtaíocht an Aontais maidir le bia, mar shampla, agus go gcoinneoidh an tAontas na srianta ar hormóin, ar thionscnóirí fáis agus ar orgánaigh ghéinmhodhnaithe ([11]).

4.3. Tá CESE ag tathant ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt, faoi chuimsiú TTC, ar an éagothroime i ndaonlathas an tsaothair agus ar an tionchar atá aige sin ar chothroime iomaíochta sa trádáil. Tá sé á chur in iúl ag CESE an athuair nár dhaingnigh na Stáit Aontaithe ach dhá cheann de na hocht mBunchoinbhinsiún Saothair de chuid EIS, agus eochairchoinbhinsiúin chumasúcháin in easnamh iontu, go háirithe Coinbhinsiún 87 maidir le Saoirse Comhlachais agus Coinbhinsiún 98 maidir leis an gCeart chun Cómhargála ([12]).

5. **Rannpháirtíocht fhóinteach na ngeallsealbhóirí i bhfianaise na gceachtanna a foghlaimíodh ó phróiseas TTIP**

5.1. Tá sé á chur i bhfios go láidir ag CESE gur cheart don phróiseas TTC a bheith trédhearcach, inmhínithe agus grúpaí leasa phoiblí a rannpháirtiú ann ar bhealach fóinteach. Ba cheart dlúthbhaint a bheith aige le beartas cumarsáide feabhsaithe agus gníomhach maidir le nádúr an TTC. Thar aon ní eile, ní mór don chlár oibre maidir le comhar leanúint de bheith ina ardán chun eolas a chur ar fáil agus dea-chleachtais a mhalartú, agus ní ina uirlis uathoibríoch chun tionchar a imirt ar phróisis reachtacha agus chinnteoireachta a chéile ná chun a chéile a dhíspreagadh ó chosaintí a fheabhsú.

([11]) IO C 487, 28.12.2016, lch. 30.

([12]) Is iad C29 maidir le Saothar Éignithe, C100 maidir le Luach Saothair Comhionann, C111 maidir le hIdirdhealú (Fostaíocht agus Slí Bheatha) agus C138 maidir leis an Aois Íosta na Bunchoinbhinsiúin Saothair eile nár daingníodh.

5.2. Ní mór do gheallsealbhóirí a bheith in ann ionchur a chur ar fáil do gach ceann de na deich meitheal d'fhonn cur chuige neamh-chomhtháite a sheachaint. Cé gur de chineál níos trasearnála í an mheitheal um dhúshláin trádála dhomhanda agus go soláthraíonn sí an príomhfhóram le haghaidh plé saothair, tagann ábhair imní ghaolmhara chun cinn faoi shainchúram roinnt meithleacha eile, go háirithe i ndáil le saincheisteanna an tslabhra soláthair, an intleacht shaorga agus teicneolaíochtaí eile atá ag teacht chun cinn, agus cosaint sonraí.

5.3. Measann CESE gur cuspóirí uileghabhálacha den chomhar sin iad cosaint agus leas tomhaltóirí. Ní mór d'idirphlé éagsúil TTC a bheith trédhearcach do gheallsealbhóirí. Ní mór ról ceannasach a bheith ag rialtóirí ábhartha agus speisialtóirí ábhartha earnála chun comhar rialála a fhorbairt.

5.4. Chomh maith leis na cruinnithe spriocdhírithe maidir le comhphlé leis an tsochaí shibhialta, ba cheart cruinnithe ullmhúcháin agus faisnéisithe a phleanáil leis na geallsealbhóirí roimh gach cruinniú de chuid Chomhairle TTC agus ina ndiaidh. Sampla luachmhar den chomhairliúchán le páirtithe leasmhara ab ea iar-Ghrúpa Comhairleach TTIP a bhunaigh Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, agus bhí sé de cheart CESE a áireamh ann. B'fhóram é freisin ina bhféadfadh balleagraíochtaí tuiscint níos fearr a fháil ar na dúshláin agus ar na deiseanna a bhaineann le trádáil do na leasanna éagsúla a raibh ionadaíocht á déanamh ag dreamanna eile orthu. Chuidigh sé le caidreamh a chothú idir na heagraíochtaí éagsúla.

5.5. Sa chomhthéacs sin, tá sé á chur in iúl ag CESE arís eile gur oth leis nach ndearnadh an sainghrúpa um chomhaontuithe trádála a athnuachan. Ba chéim an-dearfach í i straitéis an Choimisiúin chun rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a fheabhsú maidir le beartas trádála agus chun trédhearcacht a mhéadú. Léirigh sé freisin leanúnachas loighciúil Ghrúpa Comhairleach TTIP.

5.6. San am a chuaigh thart, chuir CESE in iúl go dtacaíonn sé leis an Idirphlé Trasatlantach le haghaidh Gnó agus Tomhaltóirí agus d'iarr sé go dtabharfaí aitheantas d'Idirphlé Trasatlantach Saothair coibhéiseach.

An Bhruiséil, an 14 Iúil 2022.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Christa SCHWENG